Fad is atá obair ar siúl, déanfar gach iarracht fuaim a sheachaint i rith uaireanta scoile agus coinneofar é i gcónaí chomh híseal agus is féidir. Ní chruthóidh an conraitheoir nó a fhostaithe guais ar bith, buan nó sealadach, gan an Príomhoide nó a g(h)níomhaire ainmnithe a chur ar an eolas i dtús báire, agus déanfar aon ghuais mar seo a mharcáil le fógraí rabhaidh nó cosaint oiriúnach eile. *While work is in progress, any noise shall be avoided wherever possible during school hours and shall at all times be reduced to the minimum necessary. The contractor and his workmen shall not create any hazard, permanent or temporary, without informing the Principal or his nominated agent and shall mark such hazard with warning signs or other suitable protection.*

Ag Bailiú Páistí *Collecting Children:*

- (1) Ar mhaithe le sábháilteacht a chinntiú, beidh ar thuismitheoirí/ chaomhnóirí/ chúramóirí géilleadh d'aon fhógraí ar shuíomh na scoile. *All parent/guardians/carers in the interest of safety must obey all signs upon entering the school grounds.*
- (2) Moltar do thiománaithe tiomáint go mall taobh amuigh den scoil nuair a bhíonn siad ag bailiú páistí agus iarraidh oraibh gan tiomáint ar an stráice bóthair lasmuigh de na príomhghheataí. *Drivers are advised to drive slowly outside the school when collecting children and asked to avoid driving on the stretch of road outside the main gates.*
- (3) Má tá páiste le bailiú roimh dheireadh an lae, is ceart don duine atá ag bailiú dul chuig Oifig na Scoile. *Parents/guardians who collect a child before the end of the school day should present to Oifig na Scoile.*

Bileog faoi Chleachtais Oibre Sábháilte *Safe Practice Sheet:*

- (1) Beidh ar ghlantóirí lámhainní a chaitheamh nuair a bhíonn siad ag déanamh fáisceadh ar mhapaí fliucha agus nuair a láimhseálann siad glantaigh chun deirmitéas a chosc. *Cleaners*

must wear gloves when ringing out wet mops and when handling detergents to prevent dermatitis.

- (2)** Tá doras an seomra glantacháin thuas staighre le bheith faoi ghlas nuair nach bhfuil sé in úsáid.. *The cleaning room upstairs should be locked when not in use..*
- (3)** Iarrtar ar mhúinteoirí/ baill foirne lámhainní a chaitheamh is iad ag glanadh créachtaí na bpáistí, ach go háirithe nuair a bhíonn fuil i gceist. *Teachers/ members of staff are asked to wear gloves when dealing with children's wounds. This is especially important where blood is involved.*
- (4)** Caithfidh an tAiríoch gloiní cosanta a chaitheamh nuair a bhíonn sé/sí ag úsáid ciumhaisire, deimheas fáil leictreach nó mheicniúil nó aon trealamh cosúil leo. *The Caretakers must wear protective eye coverings when using trimmers, electric or mechanical hedge clippers or other such equipment.*
- (5)** Caithfidh an tAiríoch lámhainní a chaitheamh agus é/í ag úsáid fiailnimh nó ceimicí eile a bheadh in ann damáiste a dhéanamh dó/di nó a bheadh mar chúis deirmitítis. *The Caretaker must wear gloves when using weed-killers or other chemicals that are considered damaging or likely to cause dermatitis.*
- (6)** Caithfidh an tAiríoch masc cosanta a chaitheamh chun ionanálú gáis a chosc agus é/í ag úsáid ceimicí ar nós fiailnimh agus ceimicí eile. *Caretakers must wear protective masks to prevent the inhalation of gasses while using chemicals such as weed-killers and others.*
- (7)** Iarrtar ar ghlantóirí, airíoch, mhúinteoirí, rúnaí agus éinne eile a úsáideann an scoil, cinntiú go bhfuil cáblaí/cáblaí sínidh brúite siar go daingean i gcoinne na ballaí nó nach bhfuil siad fágtha in áiteanna a bhféadfaí titim tharstu srl. *Cleaners and Caretakers, teachers and secretary or others using the school, are all asked to ensure that cables/extension leads are tight against the wall or are not left in positions where they could cause tripping etc.*
- (8)** Tá gach ball foirne ar an eolas faoi na háiteanna a gcoinnítear trealamh comhrac dóiteáin agus faoin gcaoi lena úsáid. Ní féidir múchtóir tine púdar tirim a úsáid ach amháin ar thine tosnaithe ag fearas leictreach. Tá na baill foirne ar an eolas faoi seo. *All staff members and all other employees are acquainted with the location and use of fire-fighting equipment. Dry powder fire extinguishers only may be used on fires caused by electrical appliances. The staff are acquainted with same.*
- (9)** Ba chóir d'fhostaithe dréimire taca a scrúdú sula n-úsáidtear é chun cinntiú nach bhfuil céimeanna scaoilte, nó nach bhfuil sé docht nó nach bhfuil na barraí glasaithe go daingean. *Employees inspect step-ladders for loose steps, non-rigidity, proper locking bars before use.*
- (10)** Níl cead ag fostaithe seasamh ar chathaoireacha atá ar bhoird nuair a bhíonn siad ag athrú bolgáin, ag dustáil srl... *Employees do not stand on chairs which are placed on tables, when changing light bulbs, dusting etc...*
- (11)** Tá dualgas ar fhostaithe insint don Phríomhoide faoi threalamh éalangach. *Employees should report defective equipment to the Principal.*
- (12)** Iarrtar ar fhostaithe tuairisciú muna mbailítear bruscar. *Employees report incidences of uncollected refuse.*

(13) Beidh ar ghlantóirí agus ar an Airíoch aon treoracha agus rabhadh a léamh ar árthaigh sula n-úsáideann siad a bhfuil istigh iontu. Beidh orthu na treoracha a leanúint re: Súile a ghlanadh má bhíonn stealladh iontu, úsáid mascanna cosanta, úsáid lámhainní srl... *Cleaners and Caretakers read the instructions and warnings on containers before using the contents. They follow the instructions re. Washing of eyes, if affected by splashing, use of protective masks, wearing of gloves etc...*

(14) Níl cead ag an bhfoireann múinteoireachta nó aon fhostaithe eile siúl thart le cupáin/mugaí gan chlaibíní le deochanna te iontu. Ba cheart don fhoireann cupán le clúdach orthu a úsáid. *Teaching Staff or other employees must not walk about with cups/mugs of hot drinks. Special Cups with lids must be used at all times.*

An tAiríoch agus Sábháilteacht:

(1)

(2) Beidh ar an Airíoch bheith ar an eolas faoi aon threalamh rialúcháin tine (múchtóirí tine púdar tirim san áireamh) agus conas iad a úsáid.

(3) Nuair a ghearrann sé féar, fáil nó nuair a bhaineann sé fiailí, ní féidir leis iad a fhágáil ina luí aon áit a chothódh said contúirt do dhaoine.

(4) Cinnteoidh sé go bhfuil an bealach amach ag doirse éalaithe (EXIT) fágtha glan.

(5) I gcomhairle leis an bPríomhoide, cinnteoidh sé go rialta go bhfuil an Córas Alaraim Dóiteáin ag obair go cuí.

(6) Scrúdóidh sé na soilse éigeandala go rialta.

(7) Beidh sé ag faire do chúinsí baoid agus réiteoidh sé lochtanna nó cuirfidh sé an Príomhoide ar an eolas fúthu.

(8) Coinneoidh sé caoi mhaith ar an gclós agus ar an ngairdín.

(9) Beidh eolas aige ar **Ráiteas Slándála** na scoile agus go háirithe aon chuid a bhaineann lena phost féin.

Tá an tOifigeach Sábháilteachta agus ball foirne ainmnithe freagrach as **Sabháilteacht Dóiteáin**. Cinnteoidh sé/sí: *The Safety Officer and a nominated member of staff are responsible for **Fire Safety**. S/he organises;*

(a) **Druil Tine** ar a laghad dhá uair sa bhliain. *Fire Drill at least twice a year.*

(b) Cinntíonn sé/sí go bhfuil an **Córas Alaraim Dóiteáin** agus na **Múchtóirí Tine** ag obair i gceart. *Sees that the **Fire Alarm System** and **Fire Extinguishers** are in working order.*

(c) Coinníonn sé/sí cuntas de Dhruileanna Tine. *Records the events of Fire Drills.*

(d) Tá an Plean **Eagraíochta Druil Tine** a leanas ullmhaithe aige/aici tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann múinteoireachta. *She has prepared the following **Fire Drill Organisation Plan** after consultation with the other members of the Teaching Staff.*

Eagrúchán do Dhruil Tine *Fire Drill Organisation*

01: _____ Pointe Tionóil *Assembly Point*: Sa Chlós Mór/ In the Clós Mór.

02: Foláireamh Druil Tine *Fire Drill Warning:* Nuair a bhuaileann an cloigín tine, ba chóir go mbeadh **ciúnas** sa rang nó cibé áit ina bhfuil tú. *When fire bell sounds there should be **silence** in the classroom, or wherever you are.*

03: Aslonnú *Evacuation:* Tá an múinteoir i bhfeighil go hiomlán ar a rang féin. Fágann gach rang an seomra ranga i gciúnas iomlán. Is é/í an múinteoir an duine deireanach a fhágann an rang, ag cinntiú go bhfuil na fuinneoga agus doirse go léir dúnta. Déanann an múinteoir cinnte de go bhfuil na leithrisí folamh. Bíonn ar an múinteoir an liosta ranga atá ag an doras a thabhairt léi/ leis. *The teacher is **in sole charge** of his/her own class. Class exits **in single file** in **silence**. Teacher checks the toilets are empty. Teacher leaves last, making sure all windows and doors are closed. Teacher should bring **the class list**.*

04:

Rólanna *Roles*

1. Múinteoirí Ranga: Freagrach as a ranganna a thabhairt go ciúin, sábhailte go dtí an clós. *Class teachers: Responsible for bringing their classes quietly and safely to the yard.*
2. Cúntóirí Riachtanais Speisialta: Fanann siad leis an rang ina bhfuil said ag obair agus dúnann siad doirse má tá siad fágtha ar oscailt ar an mbealach amach.
3. Rúnaí: Glaoch le bheith curtha ar Oifig Dóiteáin/ADT. *Secretary: Call the Fire Brigade/ADT.*
4. Fanann gach éinne taobh amuigh ar an gcosán go dtí go dtugtar treoracha. *Everyone stays out in the yard until further directions are given.*

Bealaigh éalaithe *Exit Routes:*

De réir mar atá leagtha amach do gach rang agus seomra eile.

As laid out for each classroom and other rooms.

(1) Soilse Éigeandála agus Comharthaí Éalaithe: *Emergency Lighting and Exit Signs:*

Ag tús aon cheolchoirm nó cruinnithe móra, nó aon am a bhfuil slua bailithe le chéile ss Halla , cinntíonn duine den lucht eagraithe, go bhfuil daoine ar an eolas faoi na háiteanna a bhfuil na bealaí éalaithe. *At the beginning of concerts, large meetings or whenever crowds are assembled in the large classroom one of the organisers ensures that attention is drawn to the location of means of escape.*

(1) Hiodrant dóiteáin seachtrach agus Soláthar Uisce:

Tá comhartha soiléir **(H)** ar na hiodraint dóiteáin agus tá siad lonnaithe os comhair na scoile.???

(2) Suíomh na múchtóirí tine *Location of Fire Extinguishers: ??? le ceartú*

- (1) Cistin: Púdar tirim feilliúnach le húsáid ar fhearas leictreach. *Kitchen: Dry Powder suitable for use on electric equipment.*

(2) Sna pasáistí. *In the passageways :*

(3) Sa Halla. *The Hall:*

(4) Sa phasáiste in aice leis na leithris. *In the corridor by the toilets:*

(5) Sa phasáiste in aice leis an bpríomhdhoras. *In the corridor by the maindoor*

(6) *All Classrooms:*

There is a Fire Point Inside each External Door

Ag glanadh na Scoile (Sláinteachas) *Cleaning the School (Hygiene):*

Tá glanadh na n-urlár, dustáil, glanadh na limistéar fliucha, doirtíl, leithris srl le déanamh go laethúil na laethanta a mbíonn scoil ar siúl. *The cleaners clean the school on a daily basis subject to the Authority of the Board of Management. Hoovering, dusting, washing of “wet” areas, washing of sinks, toilet bowls, hand basins etc. is undertaken daily when the school is in operation.*

Nuair a bhíonn éinne ar an bhfoireann glantacháin ar an eolas faoi aon suíomh a cheapann siad a chuirfidh isteach ar shábháilteacht, sláinte nó leas baill foirne nó páistí m.sh. leithris bhlocáilte, troscáin lochtach srl, cuirfidh said an Príomhoide agus/nó an tAiríoch ar an eolas faoi. *When any member of the above mentioned staff becomes aware of any situation which they may be deem hazardous to the Safety, Health or Welfare of the staff members and/or children e.g. blocked toilets, faulty furniture etc. they notify the Caretaker or/and the Principal.*

Bíonn ar an bhfoireann glantacháin bheith ar an eolas faoi cá bhfuil na múchtóirí agus píobáin tine suite agus conas iad a úsáid. Bíonn na huimhreacha ar eolas acu le glaach ar an mbriogáid dóiteáin (otharcarr srl, 999 nó 112) más gá. *Ancillary staff should be aware of the location of the Fire Extinguishers and know how to use them and aware of the numbers to dial to summon the Fire Brigade (Ambulance etc., 999 or 112) if necessary.*

Guaiseacha *Hazards*

Ag aithint áiteanna contúirteacha do Pháistí. *Identifying Hazardous Areas for Children:*

(a) Seomra an airígh. *The Caretaker’s room*

(b) Seomraí na nglantóirí. *The Cleaners’ Rooms*

(c) An Chistin/Seomra Foirne. *The Kitchen/Staffroom*

(d) An Carrchlós. *The Car Park*

Réamhchúraimí *Precautions*:

- 1: Tá na ceithre áit thuas luaite go hiomlán toirmiscithe do pháistí ag aon am ach amháin má bhíonn siad in éineacht le múinteoir. *Those four areas shall be strictly **out of bounds** for the children at all times except when accompanied by a teacher.*
- 2: Coinneofar seomraí na nglantóirí agus seomra an Airígh faoi ghlas nuair nach bhfuil siad in úsáid. *The Cleaners' Rooms and the Caretakers' Room shall be kept locked except when in use.*
- 3: Beidh trealamh garchabhrach ar fáil in Oifig an Rúnaí agus sna seomraí ranga. *First Aid Equipment will be available in the Secretary's office and in the classroom.*
- 4: Níl cead ag páistí aon trealamh leictreach a phlugaíl isteach nó amach m.sh. citeal, teilifís, folús glantóra, ríomhairí, raidio srl. *Children must never be allowed to plug in or unplug electrical appliances e.g. kettles, T.V., hoover, computers, radios etc.*
- 5: Táthar ag súil go mbeidh múinteoirí agus fostaithe eile na scoile aireach an t-am ar fad, agus go dtuairisceoidh siad aon ghuaiseacha a thugann siad faoi deara ar shuíomh na scoile don phríomhoide, príomhoide tánaisteach nó ionadaí sábhailteachta- i seomraí, pasáistí, leithris, clós, páirc srl. *Teachers and all other employees of the school are expected to be vigilant at all times, and to report to the principal, deputy-principal or staff safety representative any hazards which may come to their attention on the school premises – in rooms, corridors, toilets, halls, playground, playing fields etc.*
- 6: Tá an Príomhoide tar éis iarraidh ar an airíoch aon ghuaiseacha a thugann sé faoi deara nó a insítear dó a shocrú chomh luath agus is féidir. *The Caretaker has been asked by the Principal to remedy such hazards **as soon as possible** when they come to his notice or are brought to his attention by any staff member, or other school employees.*

Ag aithint na nGuaiseacha- Rannóg 12 (3):

Iarrtar ar mhúinteoirí agus ar an bhfoireann tánaisteach (Airíoch, rúnaí, glantóirí) **Seiceáil Rialta Sábhailteachta** a dhéanamh ar a ranganna agus/nó láthair oibre, agus gníomhú ceartúcháin láithreach a dhéanamh nó a lorg.

Tá na háiteanna a leanas **srianta** ar pháistí. *The **restricted areas** in our school are as follows:*

Seomra an Ghlantóra, seomra an airígh, taobh istigh den scoil i rith amantaí loin- seomraí ranga, pasáistí, leithris (ach amháin le cead), aon áit taobh amuigh de chlósanna na scoile, carrchlósí. Níl cead ach ag daoine údaraithe isteach sna háiteanna seo agus caithfear an cead seo a fháil ón bPríomhoide nó ionadaí foirne ata ag feidhmiú thar a c(h)eann. *The cleaner's room, the caretaker's room, the interior of the school during break/lunch times – rooms, corridors, toilets (except with permission), car parking areas and all lawns, the Principal's Office and the Secretary's Office. These*

areas are restricted to authorised personnel only and such permission may only be granted by the Principal or a staff member acting on his behalf.

Is freagracht gach éinne sa scoil é **Sláinteachas**. Tá sláinteachas maith riachtanach do leas gach éinne sa scoil. Dá bharr seo, má bhristear an Cód Iompair ó thaobh sláinteachais de, déanfar deileáil leis ar bhealach oiriúnach. Iarrtar ar mhúinteoirí traenáil a dhéanamh ar a ndaltaí i gcleachtais mhaithe sláinteachais agus dea-bhéasaí. Iarrtar ar an bhfoireann idir mhúinteoirí agus fhoireann tánaisteach bheith an-aireach agus an Príomhoide a chuir ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht choigeartaitheach atá de dhíth. **Hygiene is the concern of everyone in our school. Good hygiene is essential for the welfare of all the school. For this reason, any infringement of the Code of Discipline in this regard will be dealt with appropriately. Teachers are requested to train their pupils in good hygienic practices and in good manners. The Staff, teaching and ancillary, are requested to be vigilant in this regard and to bring to the notice of the Principal any corrective action which may be deemed to be necessary.**

Tá an Bord Bainistíochta tar éis na gníomhaíochtaí scoile a leanas a aimsiú mar ghníomhaíochtaí ina mbeidh cúram speisialta ag teastáil chun gortú a chosc agus chun cinntiú nach ndéanfar aon damáiste do phobal na scoile. *The Board of Management and Staff have identified the following areas of school life and activity as requiring special care in order to prevent injury or damage to members of the school community.*

- 1:** Gníomhaíochtaí taobh amuigh den seomra ranga, go háirithe cluichí, línte i rith ama an tionóil (druil tine srl) agus sa chlós, agus na bealaigh amach as an scoil. Beidh múinteoirí airdeallach faoin leibhéal sábhailteachta atá ag teastáil agus cuirfidh sé/sí an Príomhoide ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht cheartaithe ag teastáil. *Activities outside the classroom, especially games, the lines during assembly (fire drill etc) and in the yard, and school exits on to the road. Teachers will exercise prudent judgement on the level of Safety required and bring to the notice of the Principal any matter requiring corrective action.*
- 2:** Gníomhaíochtaí taobh istigh den rang, gníomhaíochtaí le priacail ina bhfuil deis úsáid (nó mí-úsáid) a bhaint as siosúir, uirlisí mata agus troscáin soghluaiste. Déanann múinteoirí na bpáistí traenáil ar a bpáistí féin chun bheith cúramach faoina sabhailteacht féin agus sábhailteacht daoine eile. *Activities inside the classroom, the hazards with potential for injury are activities involving the use (or misuse) of rulers, scissors, mathematical instruments, also moveable furniture. Pupils are trained to attend to their own safety and that of others by their own teachers.*
- 3:** Áiteanna srianta - luaite cheana. *Restricted areas – mentioned previously.*
- 4:** Sláinteachas: Déantar traenáil ar na páistí a lámha a ní tar éis dul chuig an leithreas, an leithreas a shruthlú i ndiaidh é a úsáid srl. Déantar ceachtanna ar aire d'fhiacla, teagasc faoi ghnéas sna hardranganna, an clár Bí Sábhailte srl. *Hygiene: Pupils are trained to wash their hands after using the toilet, to flush the toilets after use etc. There will be lessons on teeth care, sex instruction in senior classes, the Stay Safe Programme, etc.*
- 5:** Druil Tine. *Fire Drill*

6: Garchabhair

Is **daoine gairmiúla** ár múinteoirí agus ár gcuntóirí agus tá siad **traenáilte** chun gníomhaíochtaí grúpa a stiúradh. Is daoine tiománta iad a dhéanann gach iarracht ar a laghad an leibhéal céanna cúram a thabhairt do na páistí is a thugann aon tuismitheoir dícheallach dóibh ina b(h)aile féin. Is féidir le timpistí tarlúint uaireanta áfach. *Our teachers are **Professional People trained** to conduct group activity. They are committed people who try to exercise at least the level of care exercised by any diligent parent in the child's home environment. However, some accidents may occur.*

I gcás timpiste, b'fhéidir go mbeadh gá le garchabhair a thabhairt, ag braith ar eolas na mbaill foirne. De ghnáth tabharfaidh gach múinteoir aire d'aon pháiste óna rang atá gortaithe, cé go mbeidh aon bhall foirne sásta cabhair a thabhairt. Tá Niamh Uí Chroidheáin i bhfeighil ar threalamh garchabhrach. *In the event of an accident it may be necessary to administer First Aid, dependant on staff members knowledge. Generally each teacher, if available, will attend to an injured child from his/her own class, though any staff member will be glad to help. Niamh Uí Chroidheáin is in charge of First Aid Equipment.*

Polasaí Scoile atá ann **go gcuirtear aon pháiste gortaithe faoi chúram a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí** chomh luath agus is féidir: is acu atá an dualgas cúram leighis a shocrú. Munar féidir teacht ar na tuismitheoirí/caomhnóirí, lorgóidh an fhoireann, cabhair más gá nó tabharfaidh siad an páiste gortaithe go dtí dochtúir áitiúil. Is é polasaí na scoile glaoch a chuir ar thuismitheoirí má fhaigheann páiste buile ar a c(h)eann. *It is **school policy to hand the care of an injured child** as soon as possible to f the parents or guardians whose responsibility it is to arrange medical carec. If the parents/guardians cannot be contacted the school Principal, Fionnuala, the deputy Principal, or some other teacher in their absence will summon aid if deemed necessary or bring the injured party to a local doctor. It is school policy to call parents whenever a child gets a bang on the head.*

Ionadaí Sábháilteachta Foirne *The Staff's Safety Representative:*

De réir rannóg 13 (3) den Acht um Slándáil, Sláinte agus Leas ag obair, 2005, ar bhonn bliantúil roghnaíonn an fhoireann **Ionadaí Sábháilteachta** Rachaidh an tIonadaí Sabháilteachta seo i gcomhairle leis an bPríomhoide nó an Bord Bainistíochta de bhun na rannóige seo. Do ????? is é _____ an tIonadaí Sábháilteachta. *In accordance with section 13 (3) of the Safety, Health and Welfare at Work Act 2005, the staff, select on a yearly basis a representative who, as a **Safety Representative** will conduct consultations with the Principal Teacher or with the Board of Management, pursuant to this section. _____ is the **Safety Representative** for ?????.*

Tá an Ráiteas Sábháilteachta seo ullmhaithe i gcómhtheacs na ndálaí reatha ar shuíomh na scoile ag an am seo. Is féidir é a athrú, a athbhreithniú nó a uasdátú chun cloí le haon athruithe sna dálaí nó ceanglais reachtúla. *The Safety Statement has been prepared with reference to conditions existing in the premises of the school, at the time of writing. It may be altered, revised or updated so as to comply with any change of conditions and statutory requirements.*

Chuir baill foirne na scoile, a bhfuil leas na bpáistí a fhreastalaíonn ar an scoil mar thosaíocht acu, an Ráiteas Sábháilteachta seo le chéile tar éis breithniúchán cúramach. Tá súil againn go gcabhróidh sé leis na daoine a oibríonn agus a bhíonn ag foghlaim sa scoil. *This Safety Statement is the product of careful consideration, by the members of a staff who hold the welfare of the children attending the school in the highest regard. It is hoped that it will support and assist the people who work and study in the school.*

Rialacha Ranga agus Inmheánacha Classroom and Internal Rules

- 01:** Lean aon treoracha a thugann múinteoirí agus/nó an Príomhoide i gcónaí. *Follow instructions given by Teachers and/or Principal, at all times.*
- 02:**
- 01:** Suigh ar chathaoireacha i gceart, leis na ceithre chos ar an urlár. *Sit properly on chairs, all four legs on the floor.*
- 02:** Málaí scoile faoi na boird, nó ag áit aitheanta ag an múinteoir, stóráilte go néata (go háirithe i seomraí na Naíonán). *School bags under tables, neatly stored (especially in Infant classes).*
- 03:** Coinnigh siúl bhealaigh glan sna seomraí ranga. *Walk ways in classrooms must be kept clear.*
- 04:** Croch cótaí, seaicéid, málaí spóirt srl ar na crochadáin curtha ar fáil. *Hang all coats, jackets, gear bags etc on hooks provided.*
- 05:** Níl cead siosúir, uirlisí mata srl a úsáid (nó a bheith ag dalta) i rith an dá am sosa, fad is a bhíonn daltaí istigh sa rang/scoil. *No rulers, scissors, mathematical instruments etc to be used (or to be in pupils' possession) during break and/or lunch time, when pupils remain indoors.*
- 06:** Caithfear aon fhearas ranga nó corp oideachais a úsáid de réir threoracha an mhúinteora. *Use all classroom and P.E. equipment, according to teacher's instructions.*
- 03:**
- 07:** Má tá daltaí sa halla i rith am sosa nó am lóin, caithfidh siad suí agus súgradh ar mhataí nó suí ar bhínsí. *During wet days, pupils must sit during small break and/or lunch break- no moving around room allowed without permission.*
- 08:** Ná dún doras go garbh/láidir- bí aireach faoi dhaoine eile. *Never bang a door closed – be mindful of others.*
- 09:** Siúil i gcónaí is tú ag bogadh thart sa scoil, **ná rith riamh.** *When moving around the school, always walk, never run.*

- 10:** Siúil ar thaobh na lámhe clé sna pasáistí. *Walk on the left hand side of the corridors.*
- 11:** Bí ag faire amach is tú ag dul thart- ná bí ag féachaint taobh thiar díot is tú ag siúl. *Watch where you are going – don't look behind you while walking.*
- 12:** Bí aireach faoi do shábháilteacht agus sábháilteacht daoine eile i gcónaí- daltaí níos óige agus níos lú ach go háirithe. *At all times, think of your own safety and the safety of others – especially younger, smaller pupils.*

Rialacha do laethanta fliucha

- 01:** Fan i do shuí i gcónaí.
- 02:** Na bíodh rialóirí nó aon uirlisí dainséaracha eile i lámha na ndaltaí.
- 03:** Grúpaí réamh-eagraithe do ghníomhaíochtaí sula bhfágann an múinteoir an rang.
- 04:** Suigh síos i gceart- ceithre chos na cathaoireacha ar an urlár i gcónaí.

Rialacha Clóis

- 01:** Imir go sábháilte. *Play safely.*
- 01:** Fan sa limistéar ainmnithe sa chlós.
- 02:** Ná téigh isteach sa scoil gan cead.
- 03:** Inis aon fhadhbanna/eachtraí do na múinteoirí ata ag feighlíocht ar an gclós.
- 04:** Ná dean luascadh ar aon seastán cispheile.
- 05:** Ná tarraing as cótaí/cochaill.
- 06:** Ná caith eadaí, hataí, bróga, clocha srl.
- 07:** Má théann liathróid amach as an gclós caithfear é a insint don mhúinteoir ar dhualgas clóis.
Ná téigh amach chun an bréagán a fháil.

Measúnú Riosca Covid 19
Scoil Lorcáin
2021 - 2022

Plean Freagartha Covid19
Scoile i bhfeidhm i gcomhréir le
treoir na Roinne Oideachais
agus an Prótacal um Fhilleadh
ar an Obair go Sábháilte agus
comhairle sláinte poiblí

Bearta	Leibhéal Riosca A = Ard, B – Meánach, C = Íseal.	Duine Freagrach/ Daoine Freagracha	Stádas A - Déanta, B - Á dhéanamh, C -Le déanamh, D - leanúnach
Cloígh le treoir sláinte poiblí ó FSS maidir le sláinteachas agus béasaíocht riospráide	A	Pobal uile na scoile	D
Comhlánaigh Ráiteas Beartais COVID-19 na Scoile	B	Colmán Ó Drisceoil	A, D
Foirmeacha um Fhilleadh ar an Obair faighte agus léite	C	Colmán Ó Drisceoil	A
Tabhair faoi oiliúint ionduchtúcháin	A	Foireann Mheánbhainistíocht a	A
Conas déileáil le cás amhrasta	A	Múinteoirí uile, CRsanna uile agus Runaí.	A, D.

Ionadaí Oibrithe Roghnaithe	B	Bord Bainistíochta, Príomhoide	A, Mait Ó Briain
Leas-Ionadaí Oibrithe Roghnaithe	C	Bord Bainistíochta	
Scaradh fisiciúil	A	Foireann agus daltaí, faoi stiúir Cholmáin Uí Dhrisceoil	A, D
Déan cúram do dhaltaí agus d'fhoireann a bhfuil sainriachtanais leighis acu	A	Daltaí - Niamh Uí Chroidheáin, Foireann - Gráinne Uí Lúing	A, D
Coinnigh loga de bhaill foirne, scoláirí agus cuairteoirí	A	Daltaí - múinteoirí ranga, Baill Foirne agus Cuairteoirí - Caitriona Mhic Leannáin	A, D
Plean Teachta agus Imeachta i bhfeidhm	A	Comhchoiste	A, D

Glanadh doimhin roimh athoscailt agus laethúil ina dhiaidh sin.	A	Eva Ní Mháirtín, Gráinne Uí Lúing, Bord Bainistíochta	A, D
Póstaeir agus comharthaíocht oiriúnach crochta	B	Róisín Ní Mhuineacháin	A, D

02: *Stay in designated area of the yard.*

03: *Don't enter the school without permission or a "peg" on you.*

04: *Report any problems/incidents to the teachers on yard duty.*

05: *No swinging off basketball stands.*

06: *No swinging out of coats/hoods.*

07: *No throwing of clothes, hats, shoes pebbles, etc.*

08: *If a toy goes out of the yard car-park or the teacher on yard duty must be told. **Do not** go out after the toy.*

09: **"Yard Out of Bounds" areas:**

- *the car-park*
- *The grass unless a teacher gives permission to go on it.*

Polasaí daingnithe ar an

Dáta: 9 Meán Fómhair 2024

Síniú an Chathaoirligh